



An Bhruiséil, 17 Feabhra 2020
(OR. en)

5982/20

COHOM 13
COPS 49
CONUN 24
COASI 12
MAMA 18
COEST 39
COAFR 51
DEVGEN 19
CFSP/PESC 113

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 17 Feabhra 2020

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 5802/20
roimhe seo:

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais ag Fóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2020

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais ag Fóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2020, a ghlac an Chomhairle ag an 3747ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 17 Feabhra 2020.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais ag Fóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2020

1. Agus **75 bliain ó tháinig Cairt na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm** á gcomóradh againn, athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go mór leis **an ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha agus leis an iltaobhachas éifeachtach**. Cuirfidh an tAontas comhlántacht leis na Náisiúin Aontaithe chun cinn, leanfaidh sé d'infheistíocht a dhéanamh i gcóras láidir, éifeachtach na Náisiún Aontaithe, agus de thacú le hathchóirithe a chuireann Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chun cinn.
2. Ar aon dul le rialacha agus phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, leanfaidh an tAontas de chomhlíonadh chearta an duine a áirithiú, agus ag an am céanna athdhearbhaíonn sé go bhfuil cearta an duine uilíoch, dodhealaithe, idirspiléach agus idirghaolmhar. Leanfaidh an tAontas de rannpháirtíocht iomlán, fhóinteach a spreagadh i measc ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine (HRDanna), laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe agus lasmuigh de, lena n-áirítear nuair a bhíonn sé i láthair nó ag iarraidh a bheith i láthair ag cruinnithe de na Náisiún Aontaithe. Iarrann an tAontas ar gach gníomhaí a áirithiú go dtabharfar an chosaint is gá d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do HRDanna.
3. Tá an tAontas, atá fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an gcomhionannas agus ar an dlúthpháirtíocht, tiomanta cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta, a bhfuil ról lárnach acu chun go n-áiríteofar an tsíocháin agus an tslándáil inbhuanaithe, a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh mar bhunchlocha a ghníomhaíochta seachtraí. Tá sé aontaithe agus é ag tacú go diongbháilte le córas na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, córas atá bunaithe ar na prionsabail ceannann céanna sin, agus déanfaidh sé an córas sin a chur i bhfeidhm, a chosaint agus a chur chun cinn go gníomhach mar thosaíocht ina ghníomhaíochtaí seachtracha i gcaitheamh 2020. Leanfaidh an tAontas den staid a bhaineann le cearta an duine ar fud an domhain a bhreathnú agus **de sháruithe agus de mhí-úsáidí ar chearta an duine a cháineadh** cibé áit a ndéantar iad. Iarrfaidh sí ar ghníomhaithe stáit agus neamhstáit iad a chosc agus deireadh a chur leo láithreach bonn agus an ceartas, an chuntasacht agus an comhrac i gcoinne na saoirse ó phionóis á chur chun cinn. Tacóidh sé go hiomlán le hobair agus le sainordú **Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus a hoifige** agus iarrfaidh sé ar na stáit uile a neamhspleáchas a urramú agus comhoibriú chun go gcuirfear a sainordú i gcrích go héifeachtach. Áiteoidh an tAontas, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe, nár cheart do stáit cearta an duine a ionstraimiú. Is go docht ar bhonn firicí ba cheart cearta an duine a phlé, agus ba cheart forbairtí dearfacha a aithint go hiomlán.

4. Leanfaidh an tAontas d'úsáid a bhaint as **gach uirlis atá ar fáil** chun a ghealltanais i ndáil le cearta an duine a chomhlíonadh, lena n-áirítear faoi chuimse Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (HRC), Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus aon fhóram ábhartha eile, i gcomhréir le Conradh an Aontais Eorpaigh agus Cairt na Náisiún Aontaithe, agus trí bhíthin ráitis phoiblí, gníomhaíochtaí taidhleoireachta, taidhleoireacht phoiblí, cearta an duine, idirphlé polaitiúil, agus trí smachtbhannaí de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh sé aghaidh ar staideanna i dtríú tíortha, leagfaidh sé síos an clár oibre maidir le príomh-shaincheistanna téamacha agus féachfaidh sé le comhghuaillíochtaí a fhorbairt maidir le saincheistanna téamacha agus staideanna tíre araon. Leanfaidh an tAontas de bheith ag **neartú HRC** agus an ról uathúil atá aici agus an breisluach a ghabhann léi á n-aithint aige. Meabhróidh sé gur cheart do chomhaltaí uile na Náisiún Aontaithe, go háirithe comhaltaí HRC, na caighdeáin is airde maidir le cearta an duine a chaomhnú agus comhoibriú go hiomlán le HRC agus le sásraí HRC. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach i bpróiseas athbhreithniúcháin chóras na gComhlachtaí Conarthacha i rith 2020, agus athdhearbhaíonn sé a thiomanta atá sé éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais a neartú, iomláine agus neamhspleáchas na gComhlachtaí Conarthacha a chaomhnú agus féachfaidh sé i gcónaí leis an gcosaint ar shealbhóirí ceart a neartú. Cuid bhunriachtanach de Chóras na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine is ea **Nósanna Imeachta Speisialta; leanfaidh an tAontas dá gcuid oibre** agus dá neamhspleáchas a chosaint. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na stáit uile aontú do **chonarthaí lárnacha um chearta an duine** agus a bhforálacha a chur chun feidhme ina n-iomláine ar an leibhéal náisiúnta. Leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta don chomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós agus tacaíocht sheasmhach á tabhairt aige don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC) agus iarrann sé go ndaingneofar Reacht na Róimhe go huilíoch agus go gcomhoibreofar go hiomlán le ICC.
5. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na stáit uile rochtain iomlán ar a gcríocha, lena n-áirítear réigiúin atá faoi dhíospóid agus limistéir choibhneachta, a thabhairt, gan choinníoll gan bhac, do shásraí na Náisiún Aontaithe agus do shásraí eile um chearta an duine. Beidh súil aige go léireoidh gach stát meas ar dhaoine, go háirithe an tsochaí shibhialta agus cosantóirí chearta an duine, atá ag obair i gcomhar le Córas na Náisiún Aontaithe agus go gcosnóidh siad iad, cáinfidh sé imeaglú, ciapadh agus bearta díoltais de chineál ar bith agus athdhearbhóidh sé go dtacaíonn sé le hobair Ardrúnaí Cúnta na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i ndáil leis sin.

6. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an Aontas maidir leis na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** agus spriocanna gaolmhara Chlár Oibre 2030 a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta i gcur chuige atá bunaithe ar chearta an duine maidir leis an gclár oibre sin a chur chun feidhme ina iomláine ar bhealach éifeachtach neamh-idirdhealaitheach i ngach tír agus oibreoidh sé leis na geallsealbhóirí uile, go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun dlús a chur le gnóthú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Déanfaidh sé cearta **sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha** a chur chun cinn agus a chosaint i gcomhréir le Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Vín. Leanfaidh an tAontas de sheasamh láidir a ghlacadh i gcoinne aon iarrachtaí chun cearta an duine sa dlí idirnáisiúnta agus i gcaighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a athshainiú agus an bonn a bhaint den ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha, lena n-áirítear sa phlé maidir leis an gceart chun forbartha.
7. Le comóradh 25 bliain Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, le comóradh 20 bliain UNSCR 1325 maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus le comóradh 5 bliana Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030, tá deis uathúil ann chun na gealltanais idirnáisiúnta maidir le comhionannas inscne a athbheochan, ag leanúint de mhóiminteam chomóradh 25 bliain Chlár Gníomhaíochta ICPD in 2019, mar chlár oibre atá nasctha go bunúsach. Bainfidh an tAontas úsáid as gach uile ócáid chun bailíocht iomlán na ngealltanas sin a athdhearbhú. Déanfaidh an tAontas iarrachtaí idirnáisiúnta i dtreo comhionannas inscne, cearta uile an duine a bheith á dteachtadh go hiomlán ag mná agus cailíní uile agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn agus a mhéadú, lena n-áirítear trí Phlean Gníomhaíochta II maidir le hInscne a chur chun feidhme go hiomlán, trí Phlean Gníomhaíochta nua Inscne a ghlacadh, trí anailís inscne agus trí phríomhshruthú. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú na gné inscne a chur chun cinn i ngach gné den obair a dhéanann an Chomhairle um Chearta an Duine, an Tríú Coiste de Chomhthionóil Ghinearálta na Náisiún Aontaithe agus fóraim eile um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas d'aird ar leith a thabhairt ar UNSCR 1325 agus rúin UNSCR ghaolmhara eile a chur chun feidhme, agus é mar aidhm go mbeidh na mná rannpháirteach go hiomlán agus ar bhonn comhionann agus go ndéanfar gné na hinscne a chomhtháthú i ngach tionscnamh síochána agus slándála. Tá an tAontas tiomanta ról ríthábhachtach eagraíochtaí ban na sochaí shibhialta agus bhanchosantóirí chearta an duine a chur chun cinn maidir le cearta daonna na mban agus na gcailíní uile a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh.

8. Tá an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe agus leanfaidh sé de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs sin. Agus beann aige ar an méid sin, leanann an tAontas d'athdhearbhú a dhéanamh go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte.
9. Leanfaidh an tAontas d'aghaidh a thabhairt ar shaincheist an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, ar sárú é ar na cearta bunúsacha chun na beatha, na saoirse, na slándála, na dínite agus an chomhionannais agus ar bac é ar chearta an duine a bheith á dteachtadh go hiomlán ag mná agus cailíní. Gach cineál foréigin agus idirdhealaithe ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear foréigean baile, iomláine fhisiciúil agus shíceolaíoch na n-íospartach agus na marthanóirí agus a rochtain ar leigheasanna dlí a áirithiú, agus déantóirí na coire a choinneáil cuntasach, tá an méid sin i gcroílár ghníomhaíocht forbartha agus dhaonnúil an Aontais i ngach staid, lena n-áirítear i staideanna coinbhleachta agus iar-choinbhleachta. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcaithfidh baint nach beag a bheith ag fir agus ag buachaillí sna gníomhaíochtaí chun deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní, chun deireadh a chur leis an neamhionannas inscne agus chun aghaidh a thabhairt ar noirm idirdhealaitheacha shóisialta agus steiréitíopaí inscne a chomhrac.

10. Is mó aird a thabharfaidh an tAontas ar **an nasc idir cearta an duine agus an comhshaol**, óir is bagairt do chearta an duine iad an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil. Leanfaidh an tAontas de bheith ag agairt ar na Stáit dlús a chur lena n-uaimhian agus na gealltanais a thug siad faoi Chomhaontú Pháras agus faoi chomhaontuithe comhshaoil iltaobhacha eile a chur chun feidhme mar ábhar práinne agus féachaint chuige go ndéanfar cosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol a chosaint chomh maith céanna. Beidh an tAontas gníomhach i gcónaí ó thaobh rúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an nasc idir cearta an duine agus an aeráid agus an comhshaol agus beidh sé gníomhach freisin sa phlé atá ar bun faoi láthair faoin gceart chun comhshaol sláintiúil, agus dearbhóidh sé an athuair go bhfuil sé tiomanta go huile agus go hiomlán do shainorduithe ábhartha na Náisiún Aontaithe. Déanfaidh an tAontas a mhíle dícheall i gcónaí todhchaí inbhuanaithe comhshaoil a bhaint amach do chách.
11. Tabharfaidh an tAontas breis airde ar iarmhairtí na **dteicneolaíochtaí digiteacha nua agus na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn** a mhéid a bhaineann le cearta an duine, an daonlathas, an dea-rialachas agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint. Fad is go dtuigeann an tAontas go bhfuil buntáistí leis an digitiú, buntáistí don tsochaí shibhialta san áireamh, iarrfaidh sé ar na stáit na rioscaí sin a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a mhaolú. Leanfaidh an tAontas den cheart chun idirlíon oscailte saor a chur chun cinn, den phríobháideacht agus den chosaint sonraí a chosaint, agus tabharfaidh sé aird ar leith ar theicneolaíochtaí ollfhaireachais agus rachaidh sé i mbun gnímh, ag an am céanna, chun an fhuathchaint ar líne, an chibearchoireacht agus ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, agus an bhréagaisnéis a chomhrac, go hiomlán i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Cuirfidh an tAontas cur chuige eiticíúil, bunaithe ar chearta an duine, chun cinn maidir leis an intleacht shaorga (IS) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

12. Is príomhthosaíocht i mbeartas seachtrach an Aontais é **tacú le cosantóirí chearta an duine** (HRDanna) agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Go sonrach, déanfaidh an tAontas gach iarracht i gcónaí dlús a chur le modhanna coisctheacha agus frithghníomhacha le HRDanna a chosaint, go háirithe iad siúd a bhíonn ag plé le cearta talún, leis an gcomhshaol, le cearta na bpobal dúchasach, le daoine ar de mhionlaigh iad, chomh maith le cosantóirí eile ar leochaileach dá gcás, lena n-áirítear cosantóirí chearta daoine LADTI. Seasfaidh an tAontas go tréan i gcónaí le banchosantóirí chearta an duine agus leis an ról lárnach atá acu i dtaca le haghaidh a thabhairt ar an neamhionannas inscne. Cáinfidh an tAontas i gcónaí na bagairtí, na gabhálacha treallacha, agus na hionsaithe a dhéanfar ar chosantóirí chearta an duine, ar iriseoirí, ar sceithirí agus ar dhlíodóirí chearta an duine. Déanfaidh an tAontas níos mó chun tacú le timpeallacht chumasúcháin a chruthú don tsochaí shibhialta agus cuirfidh sé i gcoinne srianta neamhréireacha dlíthiúla agus riaracháin arna gcur ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear córais phionósacha clárúcháin agus srianta ar mhaoiniú a fháil.
13. Seasfaidh an tAontas go tréan i gcoinne **phionóis an bháis** i ngach imthoisc, gan aon agó. Iarrfaidh an tAontas ar na tíortha deireanacha sin a bhfuil pionós an bháis á chur i bhfeidhm fós acu é a chur ar ceal nó moratóir a thabhairt isteach, ar a laghad, mar chéim tosaigh lena chur ar ceal go hiomlán agus go dlíthiúil agus, i gcás na stát sin ina bhfuil moratóir i bhfeidhm acu, gríosóidh sé iad na chéad chéimeanna eile a thabhairt d'fhonn pionós an bháis a chealú go hiomlán. Molfaidh sé do na stáit sin a chealaigh é cheana an méid sin a chosaint sa Bhunreacht agus an Dara Prótacal Roghnach don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla a dhaingniú. Cáinfidh an tAontas cur i bhfeidhm phionós an bháis, go háirithe i gcás cionta a dhéantar de shárú ar na caighdeáin íosta, agus cáinfidh sé ollbhásuithe, agus pianbhreitheanna báis atá bunaithe ar admhálacha faoi iallach. Tacóidh an tAontas i gcónaí leis an obair atá ar bun ag na Náisiúin Aontaithe deireadh a chur le pionós an bháis ar fud an domhain, go háirithe na rúin maidir le pionós an bháis a bhíonn á bplé ag an gComhairle um Chearta an Duine agus le linn Chomhthionól Ginearálta na Náisiún 75.

14. Is cúis mhór inní don Aontas i gcónaí é a mhinice a théitear i muinín **na céastóireachta** ar fud an domhan, agus an úsáid fhorleathan a bhaintear as íde nó as pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Cuirfidh an tAontas go mór i gcoinne gníomhaithe stáit agus neamhstáit a rachaidh i muinín na céastóireachta agus cineálacha eile drochíde, cibé áit a dtarlódh sé agus cibé cineál é féin. Agus é meáite ar dhul i ngleic leis an gcéastóireacht ar fud an domhain trí chur chuige cuimsitheach a chumhdaíonn toirmeasc, cosc, cuntasacht agus sásamh do na híospartaigh, leanfaidh an tAontas lena chuid achainíocha ar gach stát féachaint chuige go ndéanfar líomhaintí i leith céasadh, fuadach agus maruithe seachbhreithiúnacha a imscrúdú go pras agus go héifeachtach ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach, ionas go ndéanfar na daoine atá freagrach a ionchúiseamh mar is iomchuí. Chuige sin, tá á leanúint fós ag an Aontas, agus is cúis mhór inní dó, na hiliomad cásanna a tuairiscíodh, go háirithe sa Bhurúin, i bPoblacht na Seisnia (Cónaidhm na Rúise), i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach, i gceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht an Rialtais faoi láthair, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, san Éigipt, sa Libia, i Maenmar, i Nicearagua, sa Phacastáin, sna hOileáin Philipíneacha, san Araib Shádach, sa tSúdáin Theas, sa tSiria, i Veiniséala agus in Éimin agus tá súil ghéar á coinneáil aige ar a bhfuil ag titim amach. Tá an-inní ar an Aontas i gcónaí faoi chásanna drochíde agus céastóireachta faoi choinneáil sa tSín a tuairiscíodh agus iarrann sé ar na húdaráis imscrúdú críochnúil a dhéanamh orthu. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le daingniú uilíoch agus cur chun feidhme éifeachtach **Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis**. Mar cheann de chomhthionscnóirí na Comhghuaillíochta Domhanda ar son Trádáil Gan Chéastóireacht, arb é is aidhm di deireadh a chur leis an trádáil in earraí a úsáidtear le haghaidh na céastóireachta agus phionós an bháis ar fud an domhain, agus de bhreis ar an rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le trádáil gan chéastóireacht, a glacadh i mí Meitheamh 2019, leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le hiarrachtaí chun comhchaighdeán idirnáisiúnta a bhunú sa réimse sin.

15. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát feidhmiú cuí **na n-institiúidí daonlathacha** a áirithiú, **an smacht reachta**, prionsabail an dea-rialachais agus neamhspleáchas na mbreithiúna **a urramú** agus dul i ngleic leis an tsaoirse ó phionós mar a athdhearbhaíodh sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Daonlathas i mí Deireadh Fómhair 2019. Gríosóidh sé na stáit seasamh leis an gceart chun rannpháirtíochta i ngnóthaí poiblí, leis an gceart chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun saoirse comhlachais, lena n-áirítear do chosantóirí chearta an duine agus do lucht agóide síochánta, agus le saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh, bíodh sin ar líne nó as líne, agus béim ar leith á leagan ar shábháilteacht iriseoirí, bhlagálaithe agus oibrithe eile na meán. Leanfaidh an tAontas go géar, agus is cúis mhór imní dó, an staid san Asarbaiseáin, i mBairéin, sa Bhanglaidéis, sa Bhealarúis, sa Bhurúin, sa Chambóid, sa tSín lena n-áirítear Hong Cong, i Leithinis na Crimé, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach, i gceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht an Rialtais faoi láthair, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, san Éigipt, san Eiritré, san Iaráin, sna hOileáin Philipíneacha, i Srí Lanca, i Maenmar, i Nicearagua, san Araib Shádach, i gCónaidhm na Rúise, sa Tansáin, sa Táidsíceastáin, sa Tuirc, i Veiniséala, i Vítneam agus sa tSiombáib.
16. Coinneoidh an tAontas súil ghéar freisin ar cheannas méadaithe an stáit ar an spás ar líne, ar rud é a chuirfeadh **an tsaoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh** go mór i mbaol, agus tacóidh sé i gcónaí le treisiú na ngealltanas idirnáisiúnta chun an saoirse tuairimí a nochtadh a chosaint. Ceann de na bagairtí is mó, is ea go ndéanfaí coir de cháineadh reiligiúin, rialtais nó institiúidí poiblí eile ar líne. Meabhróidh an tAontas arís is arís eile gur ar na stáit atá an fhreagracht a áirithiú go gcomhlíonfar an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chearta an duine agus gur fúthu atá sé dul i mbun gnímh lena áirithiú go gcomhlíonfar an tsaoirse tuairimíochta agus cainte. Féachfaidh an tAontas leis nach ndéanfaidh tríú tíortha ná leasanna príobháideacha cúbláil ar na próisis dhaonlathacha, agus ar an gcaoi sin go mbeidís saor ó bhréagaisnéis agus ó idirghabháil mhíchuí.

17. Leanfaidh an tAontas **de sheasamh go láidir i gcoinne gach cineál idirdhealaithe** lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar na nithe seo: gnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Beidh an tAontas go comhsheasmhach cuiditheach rannpháirteach i sainorduithe de chuid na Náisiún Aontaithe lena ndíreofar ar an bhforéigean agus ar gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus leanfaidh sé de thacú le hobair leantach na Náisiún Aontaithe chuige sin. Leanfaidh an tAontas lena chuid achainíocha ar gach stát urraim a thabhairt **do chearta na ndaoine sin ar mionlaigh iad**, bíodh siad de mhionlach náisiúnta, eitneach, reiligiúnach nó teanga, agus a gcearta a chosaint agus a chomhlíonadh chomh maith. Neartóidh an tAontas a thiomantas i leith cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear go ndaingneofar ar bhonn uilíoch an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a iarraidh agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é. Beidh sé rannpháirteach i sásraí agus i ndíospóireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe chun obair leantach a dhéanamh ar Dhearbhú agus Chlár Gníomhaíochta Durban. Beidh an tAontas tiomanta i gcónaí do chur chun cinn agus do chosaint saoirse reiligiúin nó creidimh. Cáinfidh sé an ghéarleanúint, an t-idirdhealú agus an foréigean a dhéantar orthu siúd ar de mhionlaigh reiligiúin agus de phobail reiligiúnacha iad mar aon le mí-úsáid dlíthe diamhasla a cháineadh, agus seasfaidh sé an fód don cheart atá ag an duine a reiligiún nó a chreideamh féin a chleachtadh, a athrú nó droim láimhe a thabhairt leis. Leanfaidh an tAontas de bhéim a leagan ar an ngá atá ann cosc a chur ar an bhforéigean agus ar an ngá atá ann iad siúd is cúis leis an bhforéigean sin a thabhairt chun cuntais agus na híospartaigh a athshlánú agus a chúiteamh mar aon le hidirphlé idirchreidmheach a chur chun cinn ag an am céanna. Cuirfidh sé i gcoinne gach cineál gríosaithe chun foréigin nó fuatha agus cuirfidh sé i gcoinne na fuathchainte, bíodh sin ar líne nó as líne, agus, ag an am céanna, caomhnóidh sé an ceart chun saoirse tuairimíochta a theachtadh ina hiomláine. Leanfaidh an tAontas de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach a chur chun cinn agus glacfaidh sé páirt ghníomhach i bhfóraim ina ndéanfar plé ar chearta na bpobal dúchasach, lena n-áirítear i gcomhthéacs Dheacáid Idirnáisiúnta um Theangacha Dúchasacha. Leanfaidh an tAontas dá chuid buairimh a léiriú faoi chásanna dianseasmhacha de sháruithe agus de mhí-úsáidí ina gcoinne siúd ar mionlaigh iad, lena n-áirítear sa Chamarún, i Maenmar, sa Phacastáin, i gCónaidhm na Rúise agus ar Leithinis na Crimé, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach agus i gceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag an Rialtas faoi láthair. Leanfaidh sé, agus is cúis mhór inní dó, an staid in Xinjiang agus a bhfuil ag tarlú ansin agus aird ar leith á tabhairt ar an líonra mór de champaí athoideachais pholaitiúil ann agus ar an bhfaireachas forleathan atá ar bun ann dírithe ar an bpobal Uigiúr chomh maith le mionlaigh eile. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh go dtabharfaí urraim don tsaoirse tuairimí a nochtadh, don éagsúlacht chultúrtha agus don tsaoirse reiligiúin nó creidimh, go háirithe i Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uigiúr agus i Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide.

18. **Leanfaidh an tAontas de chosaint agus de chomhlíonadh chearta an duine do leanaí uile a chur chun cinn**, go háirithe dóibh siúd atá i gcásanna leochaileacha agus croíphrionsabal maidir le leas an linbh i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh á urramú. Oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na Náisiún Aontaithe, go háirithe le hIonadaithe Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus maidir le Foréigean i gcoinne Leanaí. Agus fiche bliain á chomóradh in 2020 ó glacadh an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir leis an bpáirt a bhíonn ag leanaí i gcoinbhleacht armtha agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le díol leanaí, striapachas leanaí agus pornagrafaíocht leanaí. Dá bhrí sin, cuirfidh an tAontas a ndaingniú siúd chun cinn agus déanfaidh sé athnuachan ar a thiomantas leanaí a chosaint ar earcaíocht agus ar úsáid ag fórsaí armtha agus grúpaí armtha, chomh maith le leanaí a chosaint ar gach cineál dúshaothraithe agus mí-úsáide, lena n-áirítear an gháinneáil agus an teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le tionscnaimh arb é is aidhm dóibh **cearta an linbh** a bhaint amach trí thimpeallacht shláintiúil, trí rochtain uilíoch ar sheirbhísí ardcháilíochta a áirithiú, lena n-áirítear oideachas agus cúram sláinte, trí gach cineál foréigin in aghaidh gach linbh a dhíothú, lena n-áirítear an bhulaíocht agus an chibearbhulaíocht, agus cleachtais dhíobhálacha amhail pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais agus ciorrú ball giniúna ban. Leanfaidh an tAontas de bheartas neamhfhulaingthe maidir le saothar leanaí a chur chun cinn.
19. Tá **an sceimhlitheoireacht** ar cheann de na bagairtí is mó dá bhfuil ann ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas ar gach stát a áirithiú go mbeidh aon fhreagairt ar choireanna sceimhlitheoireachta ag teacht go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le tagairtí do dhlí um chearta an duine agus do dhlí idirnáisiúnta um chearta an duine san athbhreithniú ar chur chun feidhme straitéis dhomhanda frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe. Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ní mór tús áite a thabhairt do na híospartaigh agus a áirithiú go ndéanfar cearta íospartaigh na sceimhlitheoireachta a chosaint agus a chur chun cinn.

20. Leanfaidh an tAontas d'iarraidh ar gach stát an **dlí daonnúil idirnáisiúnta** (DDI) agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a dhearbhu, lena n-áirítear sa chibearspás agus rochtain iomlán gan bhac ar fud na tíre a áirithiú chun cabhair dhaonnúil a thabhairt do na pobail sin atá i ngátar agus cosaint éifeachtach a thabhairt d'oibrithe daonnúla agus míochaine. Chuige sin, leanfaidh sé go géar an staid ar Leithinis na Crimé, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach agus i gceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag an Rialtas faoi láthair, ar Maenmar, ar chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, áit a bhfuil oibleagáidí ar Iosrael faoi DDI, ar an Libia, ar Éimin agus ar an tSiria, áit a bhfuil na páirtithe uile den choinbhleacht faoi cheangal DDL a urramú agus a chaomhnú, i bhfianaise na ngníomhaíochtaí míleata a tharla le bliain anuas. Leanfaidh an tAontas de rochtain gan bhac a iarraidh do na sásraí faireacháin um chearta an duine i réigiúin scarúnaíocha na Seoirsia, Abkhazia agus an Oiséit Theas, i Leithinis na Crimé, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach agus i gceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag an Rialtas faoi láthair. Leanfaidh an tAontas de thacú le fianaise a bhailiú agus le doiciméadú gach sáraithe ar DDI agus ar shárúithe agus ar mhí-úsáidí ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, go háirithe sárúithe agus mí-úsáidí córasacha forleathana ar chearta an duine, ar féidir gurb ionann cuid acu agus cinédhióthú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna nó coireanna cogaidh, ionas go ndéanfar na daoine sin atá freagrach a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do shásraí amhail Coimisiúin Fiosrúcháin faoi shainordú na Náisiún Aontaithe agus Sásraí Idirnáisiúnta mar a rinne an tAontas le déanaí i gcás na Burúine, Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, Mhaenmar, na Siria agus Éimin, chun an bealach a réiteach le gur féidir na daoine a bhfuil coireanna tromchúiseacha déanta acu a thabhairt chun cuntais. Leanfaidh an tAontas de phrionsabal na Freagrachta as Cosaint a chur chun cinn ag fóraim iltaobhacha.
21. Seasann an tAontas le prionsabail chearta an duine i ndáil le **dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus imircigh**, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí, ar mhná agus ar dhaoine eile atá i staid leochaileach. Le cur chuige cuimsitheach an Aontais i ndáil leis an imirce, leanfar de dhíriú ar aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta, tacófar le tíortha maidir le rialachas imirce, cuirfear isteach ar shamhlacha gnó na smuigléirí imirceach agus na ngáinneálaithe ar dhaoine, déanfar teorainneacha seachtracha na hEorpa a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus cuirfear deiseanna ar fáil le haghaidh conairí dlíthiúla agus na hinniúlachtaí náisiúnta á lánurramú ag an am céanna. Leanfaidh an tAontas d'iarraidh ar gach stát an gháinneáil ar dhaoine a chosc, na híospartaigh a chosaint agus ionchúiseamh éifeachtach dhéantóirí na coire a áirithiú.

22. Leanfaidh an tAontas de chur chun feidhme **Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine** a chur chun cinn ina chuid gníomhaíochtaí seachtracha agus ina bheartais inmheánacha, lena n-áirítear trí thionscnaimh ar an dícheall cuí maidir le cearta an duine, rochtain ar an sásamh dlí d'íospartaigh sáruithe corparáideacha, spreagfaidh sé glacadh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus leanfaidh sé de thacú le cosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol agus le bundúchasaigh. Féachfaidh sé ar na deiseanna atá ann dlús a chur le cur chun feidhme Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Leanfaidh an tAontas go géar an plé i ndáil le hionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le corparáidí trasnáisiúnta agus fiontair eile ghnó i leith chearta an duine. Is den rithábacht an t-iompar freagrach gnó chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.
-